Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2014**
**(OR. en)**

**17014/14**

**FREMP 230**
**JAI 1024**
**COHOM 183**
**POLGEN 195**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó na Ballstáit, ag teacht le chéile i dtionól na comhairle, ar Conclúidí iad maidir lena áirithiú go n-urramófar an smacht reachta |

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 16 Nollaig 2014 ghlac an Chomhairle in éineacht leis na Ballstáit, ag teacht le chéile i dtionól na Comhairle, na Conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

CONCLÚIDÍ Ó CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS Ó NA BALLSTÁIT, AG TEACHT LE CHÉILE I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AR CONCLÚIDÍ IAD MAIDIR LENA ÁIRITHIÚ GO N-URRAMÓFAR AN SMACHT REACHTA

- IS DÍOL SÁSAIMH É an nóta ón Uachtaránacht maidir le "hUrraim don smacht reachta a áirithiú"[1];

- AG CUR BÉIME AR a thiomanta atá an tAontas Eorpach agus a chuid Institiúidí do luachanna AE a chur chun cinn, lena n-áirítear urraim don smacht reachta faoi mar a leagtar síos sin sna Conarthaí ;

- AG AIBHSIÚ go bhfuil an smacht reachta ar cheann de na príomhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe;

- AG CUR BÉIME AR an ról atá ag an gComhairle cultúr a chur chun cinn ina n-urramófar an smacht reachta san Aontas Eorpach;

1 16862/14 + COR 1

DÉANFAIDH COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE,

1. tiomantas a thabhairt uathu idirphlé a chur ar bun i measc na mBallstát uile laistigh den Chomhairle chun an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint de réir na gConarthaí;

2. a aibhsiú go mbeidh an t-idirphlé seo bunaithe ar phrionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne maidir leis na Ballstáit uile;

3. comhaontóidh siad go ndéanfar an t-idirphlé seo ar bhealach neamhpháirtíneach atá bunaithe ar fhianaise;

4. cuirfidh siad i dtreis go bhfuil cur chuige den sórt sin gan dochar do phrionsabal na n-inniúlachtaí arna dtabhairt, mar aon le hurraim do haitheantais náisiúnta na mBallstát atá intuigthe sna bunstruchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla atá acu, lena n-áirítear féinrialú réigiúnach agus áitiúil, agus na feidhmeanna bunúsacha Stáit atá acu, lena n-áirítear sláine críche an Stáit a áirithiú, ord poiblí a choinneáil agus slándáil náisiúnta a chosaint, agus ba cheart go dtabharfaí ar aghaidh iad i bhfianaise phrionsabal an chomhair dhílis.

5. comhaontóidh siad go bhforbrófar an t-idirphlé seo ar bhealach atá comhlántach le hInstitiúidí AE agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta eile, lena seachnófar dúbláil agus lena gcuirfear na hionstraimí atá ann cheana san áireamh, mar aon leis an saineolas sa réimse seo;

6. comhaontóidh siad go ndeanfar an t-idirphlé sin uair sa bhliain sa Chomhairle, i bhfoirmíocht Gnóthaí Ginearálta na Comhairle, agus ullmhóidh COREPER (an Uachtaránacht) é, tar éis cur chuige uileghabhálach. Measfaidh an Chomhairle díospóireachtaí a sheoladh maidir le hábhair théamacha, de réir mar is gá. Áiritheoidh an Uachtaránacht go n-urramófar na prionsabail thuasluaite (míreanna 2, 3, 4 agus 5) tríd síos, agus an t-idirphlé á eagrú;

7. déanfar measúnú, faoi dheireadh 2016, ar an taithí a fhaightear bunaithe ar an idirphlé seo.